

Chomhairle Chúram Éigeandála Réamhospidéil Tuairisc Bhliantúil 2005

AN CLÁR

An Clár

Leathanach

Réamhrá	2
Ballraíocht na Comhairle	2
Ráiteas an Chathaoirigh	3
Gnóthaí na Comhairle	4
Ráiteas an Stiúrthóra	9
Gníomhaíochtaí na Comhairle & an Choiste	10
Oideachas agus Traenáil	10
Scrúdú	11
Scrúdú	
Proifisiúnú Chleachtóirí Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil	13
Lámhleabhar Cliniciúil	14
Taighde agus Forbairt	15
Ag Glacadh Páirt ins an Earnáil Sláinte níos leithne	15
Bileog Nuachta agus Suíomh Idirlín CCERO	16
Ráitis Airgeadais don Bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2005	19
Ráiteas ar Chúraimí na Comhairle	22
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasóireachta	24
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	25
Clár Comhordaithe	27
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	28
Foireann an CCERO	17

Aisíneadh na hÉigeandála Réamhospidéil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéil



RÉAMHRÁ

Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách é an Chomhairle Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal le freagracht uirthi do chaighdeán, oideachas agus traenáil san aicme cúraim éigeandála réamh-ospidéal in Éirinn.

Bunaíodh an Chomhairle mar eagraíocht corpraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí ag Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 as 2000 (Ordú Bunaithe) agus d'athraíodh é le Ionstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (Ordú Athruithe). Bhí na h-ordaithe seo déanta faoin Acht Sláinte (Eagraíochtaí Corparáideacha), 1961 mar atá sé athruithe.

Tá ballraíocht na Comhairle sainmhínithe san Ionstraim Reachtúil gan a bheith déanta suas de níos mó ná seacht nduine déag a bheidh ceaptha ag an Aire.

RÁITEAS MISIN

Tá an Chomhairle Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal ann chun sonrú, athbhreithniú, cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán den scoth le h-aghaidh cúram éigeandála réamh-ospidéal a sheachadadh do mhuintir na h-Éireann.

BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE

Ballraíocht na Comhairle
ar an 31ú Nollaig 2005



Cathaoirleach

Mr. Paul Robinson
Príomh Oifigeach,
Ceantar an Oir-Thuaisceart



Leas-Chathaoirleach

An t-Oll. Gerard Bury
Ollamh Cleachtais Ginearálta,
COÁC



Cathaoirleach

Coiste Cúraim Cliniúil
Mr. Sean Creamer
Teicneoir Éigeandála Leighis,
Seirbhís Othar Carr FSS Réigiún an Oirthir



Cathaoirleach

Grúpa Leighis Comhairleach
Mr. Mark Doyle
Comhairleoir Leighis Éigeandála,
FSS Ceantar an Oir-Dheiscirt



Cathaoirleach

Coiste Creidiúnaithe
Ms. Julie Woods
Banaltra Cláráithe



Mr. John Duggan
Teicneoir Éigeandála Leighis,
FSS Ceantar an Deiscirt



Mr. Pat Gaughan
Príomh Oifigeach
FSS Ceantar Lár Na Tire (Meitheamh)



Mr. Gabriel Glynn
Smachtaí Éigeandála Leighis
FSS Ceantar an Iarthair



Mr. David Hall
Stiúrthóir Comhlachta,
Seirbhís Othar Carr Priobháideach



Mr. Pat Hanafin
Teicneoir Éigeandála Leighis,
FSS Ceantar an Deiscirt



Mr. Martin Gallagher
Príomh Oifigeach
FSS Ceantar Costa an Oirthir (Meitheamh)



Mr. Frank O'Malley
Teicneoir Éigeandála Leighis,
FSS Ceantar Lár an Iarthair



Mr. Michael Garry
Comhordanáidí SEL,
Lucht Múchta Tine Bhaile Átha Cliath



Mr. Macartan Hughes
Stiúrthóir,
Scoil Traenála Náisiúnta Othar Carr



Mr. Pat McCreanor
Príomh Oifigeach Othar Carr,
Seirbhís Othar Carr FSS Réigiún an Oirthir

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann sé an-ghlondar orm Tuairisc Bhliantúil na Comhairle, don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2005, a chur i láthair, an séu ceann ó bunaíodh í i 2000. Bhí 2005 mar bliain an-thábhachtach i stair Seirbhíse Sláinte na hÉireann de bharr gur bunaíodh Feidhmeantacht na Seirbhíse Sláinte ar an 1ú Eanáir faoin Acht Sláinte 2004. Cuireann an Chomhairle fáilte roimh clár leasaithe na seirbhíse sláinte agus táid ag súil le bheith ag obair leis na páirtithe go léir – agus go h-áirithe le Seirbhís Náisiúnta na n-Othar Carr in Oifig Náisiúnta na n-Ospidéal – agus le bheith ag obair ar an gclár oibre le h-aghaidh athruithe. I rith na bliana 2005, d'oibrigh Stiúrthóir agus Foireann na Comhairle go gníomhach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Seirbhís Náisiúnta na n-Othar Carr agus le grúpaí agus le eagraíochtaí cuí eile chun cur chuige páirtíochta a fhorbairt le h-aghaidh Seirbhíse na n-Othar Carr a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Baineadh amach plean straitéiseach 2002–2005 na Comhairle go buaic i 2005 agus táimid ag súil leis an gcéad plean eile a fhorbairt chun feidhmeanna na Comhairle agus an Choiste a threorú le linn na mblianta atá le teacht faid is atáimid ag obair lenár bpáirtithe in Oifig Náisiúnta na n-Ospidéal agus le Seirbhís Náisiúnta na n-Othar Carr.

Bhí 2005 mar bliain mór don CCERO, chomh maith, le críoch bhuaic an chéid Chláir Ard-Pharai-Mhíochaineoir (i dteannta le Scoil Traenála Náisiúnta na n-Othar Carr agus U.C.D.), agus tabhairt isteach Rolla des na Cleachtóirí Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Bhí Rialacháin na dTáirgí Liachta (Oidís agus Smachtú an tSoláthair) (Leasú) (Uimh. I.R. 510 as 2005) sínithe isteach sa dlí ar an 9ú Lúnasa, ag an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Bhí sé seo mar an riachtanas deiridh chun an caoi a thabhairt don gclár le h-aghaidh traenáil Ard-Pharai-Mhíochaineoir (APM) dul ar aghaidh chun chríche le dealramh. Thug an reachtaíocht an caoi do chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal cláraithe leigheas a riaradh i réimse éigeandáil leighis agus anbhá agus feabhsóidh sé caighdeán an chúraim réamh-ospidéal a sholáthraítear.

Comhghairdeas don chéad grúpa de sé-déag mac-léinn APM gur éirigh leo an clár a críochnú go buaic agus beidh siad ar an Rolla sa bhliain nua. Seasann

sé seo do sprioc-phointe i bhforbairt Seirbhíse na n-Othar Carr in Éirinn, agus is réadú é don aidhm go raibh an Chomhairle agus Foireann CCERO ar a thóir thar na blianta.

Faon Ordú Athruithe an CCERO (IR 575 as 2004), bunaíodh clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal. Tá trí roinn ann; Teicneoir Éigeandála Leighis, Parai-Mhíochaineoir agus Ard-Pharai-Mhíochaineoir. Nuair a shínítear suas leis an Rolla, aontaíonn cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal go gcloífadh sé le Cód Cleachtais Proifisiúnta agus Eitic agus go mbeidh sé faoi Choinníollacha Leasa Oibre.

Mar chuid den díograis don gcleachtas is fearr san rialú, bhunaigh an Chomhairle Coiste Iniúchta i rith na bliana. Bhí cruinniú gairme an Choiste ar siúl ar an 21ú Samhain. Tabharfaidh an Coiste Iniúchta tacaíocht agus comhairle don smacht inmheánach le cúrsaí rialaithe corparáideacha agus cúrsaí iniúchta san áireamh. I measc na dtuairiscí a leanfaidh beidh tuairisc ar an gCoiste Iniúchta san áireamh ann i leith a chuid oibre sa chóras smachta inmheánaigh.

Gabhaim mo bhuíochas le baill na Comhairle agus na gCoistí éagsúla go dtéann a ndíograis agus a ndiagantacht i bhfeidhm ar straitéis an CCERO.

Ar son na Comhairle ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir, Dr. Geoff King agus le Foireann CCERO go léir as ucht a gcrua-oibre, a ndíograis agus a bpaisean, a bhí agus atá fós thar a bheith tábhachtach chun seirbhíse d'ard-caighdeán a sholáthar. Tuigeann an Chomhairle an méadú mór atá tagtha ar an ualach oibre atá ann le roinnt blianta anuas, chomh maith leis sin a thagann as na forbairtí atá imlínithe sa Tuairisc seo, agus tugann siad tacaíocht iomlán don Stiúrthóir ina iarrachtaí foireann breise a earcú chun deimhin a dhéanamh de go leanann obair na Comhairle ar an gcaighdeán ard a bhí ann i gcónaí.

Ar son na Comhairle, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí as ucht a chuid tacaíochta agus a chuid cistíochta.



Paul Robinson, Chairman

Ábairt seo ar an n-ádhúlán seo is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúil i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

GNÓTHAÍ NA COMHAIRLE

PLEAN STRAITÉISEACH 2002-2005

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialú agus aidhmeanna tacaíochta riarthacha na Comhairle. Tá na straitéisí gnéitheacha a théann le gach aidhm aonarach sonraithe. Tugann an Plean Straitéiseach treoir agus fócas soiléir.

FEIDHM NA COMHAIRLE

Tá cabhair agus comhairle á fháil ag an gComhairle ós na Coistí Reatha agus ós na Grúpaí Oibre chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

COISTE CÚRAIM CLINICIÚIL

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha an Choiste Cúraim Cliniciúil ceadaithe mar:

"Breathnú agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe feidhmiúcháin na gcúrsaí cúraim cliniciúla le h-aghaidh/faoi chaibidil ag MAG, an Coiste Creidiúnaithe agus an Chomhairle."

Ballraíocht an Choiste: Tá ballraíocht Choiste Chúraim Cliniciúil formhuinithithe chun ról mar ghrúpa tionscail a léiriú agus sa chás go bhfuil ballraíocht aicmeach mar a bheadh i gcás seasamh do thuairim nó do eagraíocht, níor gá don gComhairle ballraíocht aonair a fhorghníú dá mbeadh athrú ar an duine ins an post nó atá ag seasamh ar son na h-eagraíochta.

- Ionadaí ós na tomhaltóirí (aicmeach, ón gComhairle)
- Ionadaí ó eagraíocht neamh-rialtais (ENR) le fócas pobail (Foras Croi na hÉireann faoi láthair)
- Ionadaí ó Sheirbhís Priobháideach na n-Othar Carr (Faoi láthair ón gComhairle)
- Ionadaí ó Chomh-chaidreamh Príomh Oifigeach na n-Othar Carr (POOC)
- Ionadaí ó Lucht Múchta Tine Bhaile Átha Cliath (aicmeach)
- TEL x 3 ón earnáil poiblí (ón gComhairle)
- Cathaoirligh ar an gCoiste Creidiúnaithe agus ar an Grúpa Leighis Comhairleach (aicmeach)

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle (aicmeach)
- Ionadaí ó Aonad Bainistíochta Tionscnamh FSS le Ball TEL earnáil poiblí ón gComhairle mar Chathaoirleach (trí thoghchán)

With a public sector EMT Member of Council as Chair (by election).

Achoimre ar athruithe sa bhallraíocht i 2005

D'éirigh Mr. Edward Raupe, Macartan Hughes agus Gabriel Glynn as.

Baill an Choiste Chúraim Cliniciúil ar an 31ú Nollaig 2005

Mr. Sean Creamer	Cathaoirleach an Choiste Chúraim Cliniciúil
Mr. Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
Prof. Gerard Bury	Leas-Chathaoirleach na Comhairle
Mr. Mark Doyle	Cathaoirleach an Ghrúpa Leighis Chomhairligh
Ms. Julie Woods	Cathaoirleach an Choiste Chreidiúnaithe
Mr. Pat Hanafin	TEL ón Earnáil Poiblí
Mr. John Duggan	TEL ón Earnáil Poiblí
Mr. David Hall	Ionadaí na dTomhaltóirí
Mr. Pat Gaughan	Ball na Comhairle
Mr. Dave Sherwin	DFB
Mr. Philip Lane	Aonad Bainistíochta Tionscnamh FSS
Mr. Pat Grant	Comhchaidreamh POOC

COISTE CREIDIÚNAITHE

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha an Choiste Creidiúnaithe ceadaithe mar:

"Moltaí a dhéanamh don gComhairle maidir le:

- *Institiúidí Traenála le h-aghaidh oideachais agus traenáil i leith Teicneolaíocht Éigeandála Leighis a aithint.*

- *Ábhar na gcúrsaí oideachais agus traenála a ritheann Institiúidí Traenála aitheanta a cheadú.*
- *Na caighdeáin a leagadh síos le h-aghaidh na Scrúdaithe Náisiúnta sa Teicneolaíocht Éigeandála Leighis, go leanann bronnadh na gCáilíochta Náisiúnta iad.*

• *Cúram próiseas Achomhairc le h-aghaidh Scrúdaithe Náisiúnta, agus torthaí an Scrúdú Náisiúnta a thógaint air féin*

• *Ceadú aitheantais do Chomh-Cháilíochtaí Proifisiúnta faighte lasmuigh den Stát sa Chúram Éigeandála réamhospidéal agus cúram na bpróiseas Achomhairc a thógáil air féin.*

• *Na caighdeán a leagadh síos le h-aghaidh dul isteach ar, agus cothabháil ar, Rolla an CCERO.*

• *Cúram próiseas Achomhairc agus Oiriúnacht chun Cleachtais CCERO a thógáil air féin agus ainmneacha a cheadú chun dul air agus a chothabháil ar Chlár CCERO."*

Ballraíocht an Choiste: Tá ballraíocht an Choiste Chreidiúnaithe formhuinthe chun ról mar ghrúpa tionscail a léiriú, agus sa chás go bhfuil an bhallraíocht aicmeach, agus iad ag seasamh do sheasamh, nó do eagraíocht, níor ghá don gComhairle ballraíocht aonair a fhorhuiniú dá mbeadh athrú i gcás an té ins an áit, nó atá ag seasamh don eagraíocht.

1. Ionadaí ar na tomhaltóirí (m.sh. Fócas na n-Othar, Comhchaidreamh Othar na h-Éireann)
2. Ionadaí ó eagraíocht neamh-rialtais (ENR) le fócas pobail (Foras Croí na h-Éireann, faoi láthair)
3. Ionadaithe traenáilithe ó gach ceann des na h-Institiúidí atá creidiúnaithe ag CCERO
4. Ionadaí ó Seirbhís Othar Carr Thuaisceart na h-Éireann, mar atá i (3)
5. Saineolaí san oideachas agus traenáil, sa bhanaltracht, ar cuireadh
6. Saineolaí san oideachas agus traenáil, leigheas, ar cuireadh
7. TEL x 3 (ón gComhairle)
8. Na Cathaoirligh ar an gCoiste Cúraim Cliniciúil agus ar an Grúpa Leighis Comhairleach (aicmeach)
9. An Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle (aicmeach)
10. Ionadaí bainistíochta agus banaltra cláraithe ón gComhairle ná fuil mar bhall cheana féin faoi 1-9 thuas
11. Saineolaí san oideachas d'aoisigh ar cuireadh

Le Ball ón gComhairle mar Chathaoirleach (trí thoghchán)

Achoimre ar na h-athruithe sa bhallraíocht i 2005:

D'éirigh Ms. Lisa O' Brien as a post mar ionadaí ón I.H.F.

Baill an Choiste Creidiúnaithe ar an 31ú Nollaig 2005

Ms. Julie Woods	Cathaoirleach an Choiste Chreidiúnaithe
Mr. Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
Prof. Gerard Bury	Leas-Chathaoirleach na Comhairle
Mr. Sean Creamer	Cathaoirleach an Choiste Chúraim Cliniciúil
Mr. Mark Doyle	Cathaoirleach MAG
Mr. Gabriel Glynn	TEL ón Earnáil Phoiblí
Mr. Frank O'Malley	TEL ón Earnáil Phoiblí
Mr. David Hall	Ionadaí na dTomhaltóirí
Ms. Ursula Byrne	Oideachas agus Traenáil, Banaltracht
Mr. Macartan Hughes	Scoil Traenála Náisiúnta na n-Othar Carr
Mr. Michael Garry	Institiúid Traenála DFB
Prof. Paul Finucane	Oideachas agus Traenáil, Leigheas
Dr. D. McManus	Seirbhís Othar Carr Thuaisceart na hÉireann
Mr. Stephen McMahon	Comhchaidreamh Othar na h-Éireann

Ábairt neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

COISTE CAIGHDEÁIN SCRÚDAITHE

Tá an Coiste Caighdeáin Scrúdaithe mar fho-Choiste Creidiúnaithe.

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha an Choiste Caighdeáin Scrúdaithe ceadaithe mar:

"Caighdeáin a dhearbhu ins an Scrúdú BCCSN agus moltaí a dhéanamh don gCoiste (Coisti) cuí:"

Ballraíocht an Choiste:

- Scrúdaitheoir amháin mar Chleachtóir Leighis traenáilte
- Beirt scrúdaitheoir mar TEL traenáilte
- Scrúdaitheoir amháin mar Bhanaltra traenáilte

Baill an Choiste Chaighdeáin Scrúdaithe ar an 31ú Nollaig 2005

Dr. Geoff King Cathaoirleach an Choiste
Chaighdeáin Scrúdaithe

Mr. Sean Creamer

Mr. Brian Power

Ms. Pauline Dempsey

COISTE NA N-ACHOMHARC

Tá an Coiste Achomhairc mar fho-ghrúpa den gCoiste Creidiúnaithe.

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha Coiste na n-Achomharc ceadaithe mar:

"Breathnóidh Coiste na n-Achomharc ar achomhairc a déantar chuig an Stiúrthóir ar an lá céanna leis na scrúdaithe (praiticiúil) agus laistigh de cheithre sheachtain tar éis toradh an scrúdú a bheith ar fáil (teoiric). Ní bheidh cead ag ball a bheith mar bhall den gCoiste Caighdeáin don scrúdú luaite."

Comhshuíomh an Choiste: Ba choir go mbeadh córam de 3 le ballraíocht de íosmhéid de 5.

- Dhá TEL (neamh-scrúdaitheoir traenáilte) aicmeach
- Saineolaí oideachais neamhspleách mar Chathaoirleach

Achoimre ar na h-athruithe sa bhallraíocht i 2005: D'éirigh Tommy O' Doherty as, ceadáiodh John Duggan agus Frank O'Malley mar bhaill.

Baill Choiste na n-Achomharc ar an 31ú Nollaig 2005

Prof. Paul Finucane Cathaoirleach Choiste
na n-Achomharc

Mr. David Hall

Mr. John Duggan

Mr. Frank O'Malley

Mr. Gabriel Glynn

AN COISTE INIÚCHTA

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta ceadaithe mar:

- *"Scrúdú a dhéanamh ar fhóntas nádúr, méid agus éifeachtacht na gcóras cuntasóireachta agus smachta inmheánaigh.*
- *Cabhrú, feabhsú agus tacaíocht a thabhairt don fheidhm iniúchta inmheánach."*

Ballraíocht an Choiste: Tá an Coiste Iniúchta ceaptha ag an gComhairle, tá an ballraíocht mar seo a leanas:

- Ball eachtrach amháin atá cáilithe sa chuntasóireacht agus san iniúchadh, agus a bheidh mar Chathaoirleach ag cruinnithe an Choiste
- Saineolaí airgeadais ón mBord Sláinte (nó ceann cosúil leis)
- Ball ón gComhairle
- Ball a dhéanann ionadaíocht ar bhainistíocht na Comhairle ar bhonn rothlach
- Ball foirne den CCERO ar bhonn rothlach

Baill an Choiste Iniúchta ar an 31ú Nollaig 2005

Mr. Con Foley Cathaoirleach an
Choiste Iniúchta

Mr. Seoirse OhAodha Saineolaí airgeadais ón
Bord Sláinte (nó cosúil leis)

Mr. David Hall Ball ón gComhairle

Mr. Martin Gallagher Ionadaí bainistíochta
ón gComhairle

Ms. Pauline Dempsey Ball Foirne den CCERO

GRÚPA LEIGHIS COMHAIRLEACH

Téarmaí Tagartha: Tá téarmaí tagartha an Ghrúpa Leighis Comhairleach ceadaithe mar:

"Breathnú ar chúrsaí leighis mar a chuireann an Chomhairle, an Coiste Cliniciúil, an Coiste Creidiúnaithe nó an oifig CCERO iad faoina bhráid agus tuairisciú chuig an Chomhairle trí an Choiste Cúraim Cliniciúil."

Ballraíocht an Ghrúpa: Tá ballraíocht an Ghrúpa Chomhairleach Liachta formhuinthe chun ról mar ghrúpa saeolach liachta, agus sa chás go bhfuil an bhallraíocht aicmeach faoi mar a bheadh seasamh á thógáil nó ar san eagraíochta, níor ghá don gComhairle ballraíocht aonair a fhorhúiniú dá mbeadh athrú ar an té ins an suíomh no ag seasamh ar san na h-eagraíochta.

Achoimre ar na h-athruithe sa bhallraíocht i 2005

D'éirigh Mr. Cyrus as a phost agus thóg Mr. Richard Lynch a áit mar Chomhairleoir Leighis le h-aghaidh Ceantar FSS Lár na Tíre. Thóg Dr. Cathal O' Donnell suas an post mar Chomhairleoir Leighis le h-aghaidh Ceantar FSS an Lár-larthair agus d'éirigh Dr. Tony Ryan as.

Baill an Ghrúpa Leighis Comhairleach ar an 31ú Nollaig 2005

1. Comhairleoir Leighis – Seirbhís na n-Othar Carr (aicmeach)

Mr. Mark Doyle (Chair)	FSS an Cheantair Thoir/Ball den gComhairle
Mr. Stephen Cusack	FSS an Cheantair Theas – Comhairleoir Leighis
Mr. Connor Egleston	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt – Comhairleoir Leighis
Dr. John O'Donnell	FSS an Cheantair Thiar – Comhairleoir Leighis
Mr. Patrick K. Plunkett	FSS Réigiún an Oirthir – Comhairleoir Leighis
Dr. Cathal O' Donnell	FSS Ceantar Lár-larthair – Comhairleoir Leighis
Mr. Richard Lynch	FSS Ceantar Lár na Tíre
Dr. Mags Bourke	NATS – Comhairleoir Leighis/Ainistéiseach
Mr. Peter O'Connor	DFB Comhairleoir Leighis

2. Oifigeach Traenála agus Forbartha – Seirbhís na n-Othar Carr (aicmeach)

Mr. Danny O'Regan	FSS an Cheantair Theas – Oifigeach T&D
Mr. John Burton	FSS Ceantar an Lár-larthair – Oifigeach T&D
Mr. Brendan Whelan	FSS Ceantar Lár na Tíre – Oifigeach T&D (Gníomhú)
Mr. Declan Lonergan	FSS an Cheantair Thoir – Oifigeach T&D
Mr. Lawrence Kenna	FSS an Cheantair Thoir – Oifigeach T&D
Mr. Fergus McCarron	FSS Ceantar an Iar-Thuaiscirt – Oifigeach T&D
Mr. Michael Seaman	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt – Oifigeach T&D
Mr. Vincent O'Connor	FSS an Cheantair Thiar – Oifigeach T&D

3. Institiúidí Traenála Creidiúnaithe ag CCERO (aicmeach)

Mr. Macartan Hughes	NATS
Mr. Martin O' Reilly	DFB Oifigeach Traenála

4. Beirt ionadaí ó Sheirbhís Othar Carr Thuaisceart na h-Éireann cosúil le (1) & (2)

Mr. Brian McNeill	Ceannaire na Traenála & Dearbhú Caihdeáin (NIAS)
Dr. David McManus	Stiúrthóir Leighis (NIAS)

5. Cathaoirligh an Choiste Cliniciúil agus an Choiste Creidiúnaithe (aicmeach)

Mr. Sean Creamer	Cathaoirleach an Choiste Chúraim Chliniciúil
Ms. Julie Woods	Cathaoirleach an Choiste Chreidiúnaithe/Altra Cláraithe

6. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle (aicmeach)

Mr. Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
Prof. Gerard Bury	Vice Chair of Leas-Chathaoirleach na Comhairle/Lia Ginearálta

7. Duine amháin díobh seo a leanas Lia Liachta Éigeandála, Lia Ginearálta, Lia Leanaí (faoi láthair ceapachán aonaraigh), Ainistéisí agus Altra Cláraithe nach bhfuil cheana ina bhall de réir (1)- (7)

GRÚPA OIBRE CEANNAIS

Téarmaí Tagartha: Siad Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Oibre Cheannais mar atá molta ná:

"Moltaí a sholáthar don gComhairle faoi na nithe seo a leanas:

- *Measúnú a dhéanamh ar an dtairbhe a bheadh i gcáilíocht Náisiúnta sa Teicneolaíocht Liachta Éigeandála (Smachtaí) a mholadh*
- *Gnéithe bunúsacha na traenála tosaí agus Forbairt Leanúnach Proifisiúnta (a chaithfear a bheith le fáil i gcúrsaí atá á ndrýchta aithint*
- *Cúrsaí eile a bhaineann le Stiúradh a chaitear a bheith sainmhínte agus forbartha agus atá laistigh de ghnó CCERO a aithint, agus a mholadh den gComhairle conas gur chóir iad a chur ar aghaidh."*

Ballraíocht An Ghrúpa: Tá ballraíocht an Ghrúpa oibre molta chun ról mar ghrúpa tionscail a léiriú.

Baill an Ghrúpa Cheannais Oibre mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2005

Mr. Gabriel Glynn	Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre
Prof. Gerry Bury	Ollamh Chleachtais Ghinearálta
Mr. Sean Creamer	Cathaoirleach an Choiste Chúraim Chliniciúil
Mr. Brendan Crowley	Stiúrthóir an FSS Ceantar an Deiscirt
Mr. Pat McCreanor	Príomh Oifigeach Othar-Charr FSS Ceantar an Deiscirt
Mr. William Merriman	Stiúrthóir FSS Réigiún an Oirthir
Mr. John Moody	Stiúrthóir DFB
Mr. Hugh O'Neill	Príomh Oifigeach Chúnta Tine DFB
Mr. Gabe McClean	Seirbhís Othar-Charr Thu. Éir.
Mr. Joe Smith	Oifigeach Cumarsáide FSS ceantar an Oir-Thuaiscirt
Mr. Shane Knox	Teagascóir Traenála NATS

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Raiteas an Stiúrthóra

Ins an tuairisc bhliantúil seo léirimid ár ndul chun cinn go dtí seo agus caithfimid súil ar na dúshláin romhainn don bhliain seo chugainn. Ó thaobh na h-eagraíochta do dheineamar athnuachan ar léas cúig bhliana ar oifigí CCERO agus de bharr forbartha bhí orainn seilbh a fháil ar spás oifige breise ar chéad urlár an fhoirgnimh. Fuarthas cead an fhoireann a neartú agus tá earcaíocht i leith na bpost ar siúl.

Tá an togra Náisiúnta TCO ina cheathrú bhliain as sceideal cúig bhliana agus leanann an t-éileamh ar eolas bailí faoi eolas réamh-ospidéal ar aghaidh. Tá an Chomhairle tar éis cead a thabhairt an Tuairisc um Chúram Othar (TCO) a chur i bhfeidhm ins na réigiúin seo de chuid an FSS:-Ceantar an Iar-Thuaiscirt, Ceantar an Iarthair, Ceantar an Láir Iarthair, Ceantar an Deiscirt chomh maith le Lár na Tíre agus DFB. Beidh trialacha den TCO le feiceáil ag dul isteach go dtí 2006.

Thosnaigh Clár de chuid CCERO á rolladh amach do chleachtóirí cúraim réamh-ospidéal ag deireadh 2005. Chuathas i gcomhairle go buacach le SIPTU/IARC agus le cainteanna le fóra ceannasaí ceard cumainn agus bhí dul ar aghaidh faoi ghnéithe a bhain le Rialacha agus le Rialacháin oiriúnacht chun cleachtais.

Tá dréacht déanta de thacar Caighdeán san Oideachas agus san Traenáil; Céad-Fhreagra ar cor croí, Céad-Fhreagra i gcás Éigeandála, Céad-Fhreagra Éigeandála Liachta agus Parai-Mhíochaineoir. Táthar ag lorg eolais ar ais, ar bhonn phráinne, ó ghrúpaí agus ó dhaoine aonarach atá ag seasamh ar son Seirbhísí Reachtúla, Deonacha agus Cabhracha náisiúnta. Táthar ag súil go mbeidh deireadh leis an dtogra seo i 2006.

Tá tograí ar ardú caighdeán ar siúl de shíor mar aon le gníomhaíochtaí CCERO. Tá athbhreithniú déanta ar scrúdú BCCSN-EMT anois agus leanfar ar aghaidh ar mheasúnú a dhéanamh ar thraenáil Ard-Parai-Mhíochaineoir Ard Chaighdeán go dtí go gcríochnódh an tríú grúpa an clár. Déanadh athbhreithniú ar mheasúnú ar ionannas na gcáilíochtaí san próiseas cúram práinne réamh-ospidéal agus pléifear na h-

athruithe a moladh ag an gComhairle san Ath-bhliain.

Ba mhaith liom an Cathaoirleach agus baill na Comhairle a admháil as ucht a gcrua oibre, a ndíogbháilteacht agus a ndíograis le linn na bliana ar fad. Mar bhuille scoir ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil le foireann CCERO dá ndiagantacht agus toisc mar ar chloigh siad le prionsabail a gceirde, le h-ard-caighdeán agus le h-éifeacht, cultúr atá soiléir le feiscint trí an eagraíocht uile. Sheas obair dhiograiseach na foirne amach agus tá a thoradh san le feiceáil san liosta oibre go bhfuil tuairisc air anseo.



Dr. Geoff King, Director

Abairteacht na ceannspéiceach reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

OIDEACHAS AGUS TRAENÁIL

CREIDIÚNÚ NA N-INSTITIÚID TRAENÁLA

Le linn 2005, tar éis athbhreithniú foirmiúil, fuair Lucht Múchta Tine Bhleá Cliath (LMTBC), i gcomhpháirtíocht le Coláiste Ríoga Máinlia na h-Éireann (CRME), aitheantas iomlán mar Institiúid Traenála chun traenáil (CLÉ) a sheachada. Lean an Scoil Náisiúnta Traenála Otharcharr (SNTO) mar Institiúid Traenála in eiseachada traenála éigeandála (Parai-Mhíochaineoir) TÉL. Lean SNTO, i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath (COB), lena chead Traenáil a thabhairt ar Ard-Chaighdeán san Ard-Pharai-Mhíochaineoir mar chuid de chlár forbartha.

FORBAIRT AR THRAENÁIL TÉL-A (ARD-PHARAI-MHÍOCHAEINOIR)

Le linn 2005 bhí trí ghrúpa de dhaltáí ag traenáil san Ard-Pharai-Mhíochaineoir. Toisc moill in athrú an dlí faoi Tháirgí Liachta cuireadh an clár ar fionraí ar feadh tréimhse go dtí deireadh Lúnasa. Chríochnaigh an uile duine as seisear déag ón gcéad ghrúpa an clár Árd-Pharai-Mhíochaineoir go buacach. Tá an t-Ollamh Paul Finucane, Stiúrthóir, An Fhorbairt Liachta Iar-Chéime, Ollscoil Luimní ag déanamh measúnú ar an gcúrsa traenála Ard-Pharai-Mhíochaineoir. 'Sé aidhm an mheasúnaithe ná chun cabhrú le SNTO/COB an cúrsa a fhorbairt agus a uasghrádú agus chun CCERO a threorú in aitheantas a thabhairt go leanúnach do Institiúid Traenála agus ábhar an chúrsa do thraenáil Ard-Pharai-Mhíochaineoir a cheadú.

GNÉITHE NUA I GCÚRSAÍ OIDEACHAIS AGUS TRAENÁLA

Tá an Chomhairle tar éis tacú i bprionsabal do iarratas ó DFB/RCSI chun Clár Ard-Pharai-Mhíochaineoir a fhorbairt. Tá an tacaíocht ag braith ar mholadh foirmiúil a léiríonn frámaí ama agus costais a chur os comhair na Comhairle.

Tá riachtanais Fhorbartha Proifisiúnta Leanúnacha (FPL) á n-iniúchadh chun clár CCERO a choimeád suas chun dáta ag Coiste Cúram Cliniciúil agus beidh caighdeán á leagadh síos in 2006.

Féachann CCERO ar thraenáil réigiúnach mar riachtanas príomha agus táid sásta gur rith SNTO an ceathrú cúrsa réigiúnach Coinbhéartú riamh. Rith DFB/RCSI Cúrsa Coinbhéartú leis i Mí na Samhna.

FORBAIRT AR CHAIGHDEÁIN NUA SAN OIDEACHAS AGUS SAN TRAENÁIL

Tá caighdeáin oideachais agus traenála CCERO forbartha chun oideachas leanúnach a thacú ó chaighdeán céad-fhreagra ar cor croí aon lae go dtí an clár oideachais do chleachtóirí cúraim éigeandála cláraithe le h-aghaidh éigeandála réamh-ospidéal. Tá gach caighdeán bunaithe ar éifeacht agus clúdófar saíneolas, aidhmeanna dearcadh agus cumais i ngach clár traenála. Treoraíonn na h-aidhmeanna seo an mac léinn agus an teagascóir trí riachtanais na gcaighdeán. I láthair na h-uaire táid mar dhréacht agus táid ar fáil do dhaoine oiriúnacha agus do ghrúpaí san tionsclaíocht chun aiseolas d'fháil roimh fhoilsiú. I Mí Meán Fómhair cheadaigh an Chomhairle cur i bhfeidhm, ar bhonn trialach, Caighdeán Céad-Fhreagra Cor Croí ins na Seirbhísí Reachtúla Otharcharr. Tá an caighdeán seo mar aonad croílár i ngach ceann des na caighdeáin de chuid CCERO agus de chaighdeán de chuid Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i leith Chéad Chabhrach Chéirde.

SCRÚDÚ

COISTE UM CHAIGHDEÁN SCRÚDAITHE

Inseofar faoin athbhreithniú leanúnach ar scrúdú NQEMT ag ionchur ag iarrthóir, ag scrúdaitheoir agus ag aon scairshealbhóir mar Coistí agus oifig an CCERO. Tá trí fhoirse foirmiúil aiseolais; iarrtar ar an iarrthóir ceistneoir a líonadh isteach i ndiaidh na gCeisteanna Il-Roghnacha, (CIR) agus i ndiaidh scrúdú na bhFreagraí Gairide, Scríofa (FGS) agus Scrúdú Structúr Cuspóireach Cliniciúil (SSCC). Ní foláir dos na scrúdaitheoirí aiseolas a sholáthar tar éis dóibh páirt a ghlacadh san OSCE agus an scrúdú scríofa gairid. Ina theannta san déanann an Coiste Caighdeán Scrúdaithe athbhreithnithe ar obair na Scrúdaitheoirí ag an OSCE. Déanann an Coiste Caighdeán cóimheas ar an ábhar go léir agus ullmhaíonn cathaoirleach an Choiste Chreidiúnaithe tuairisc. Dáileadh aiseolas cóimheasta ar chaighdeán ón 8ú, 9ú agus 10ú scrúdú BCCSN leis an dá Institiúid mar eolas.

SCRÚDÚ BCCSN EMT (PARAI-MHÍOCHAINEOIR)

Ritheadh an 9ú, 10ú agus 11ú scrúdú BCCSN-EMT (Parai-Mhíochaineoir) i Márta, Bealtaine agus Meán Fómhair 2005 faoi choimirce CCERO. Shuigh 148 iarrthóir ar fad an scrúdú BCCSN (141 móide seachtar iarrthóir a dhein é i 2004, chomh maith) gur éirigh le 126 (85%). Suíodh scrúdú BCCSN 164 uair ina bhfuil na daoine a shuigh é faoi dhó. Seasann sé sin do mhéadú 7.9% ar na h-iarrthóirí.

Fágann sé sin ochtar n-iarrthóir nár éirigh leo ag dul ar aghaidh go dtí scrúdú 2006. Mar sin d'éirigh le 94.3% a thosnaigh próiseas an scrúdú le linn 2005.

Torthaí:

	Iomlán	Céad Iarracht	Dara Iarracht	Triú Iarracht	Ceathrú Iarracht
Iarrthóirí	148	141	21	1	1
Buacach	126 (85%)	120 (85%)	19 (90%)	1 (100%)	1 (100%)

Rannóg	CIR	Freagraí Gairide Scríofa	Scileanna Príomha	Scileanna Tánaisteacha
2005 Successful	95.3%	83.6%	96.1%	99.4%
2004 Successful	94.5%	82.6%	93.8%	99.2%

As na ceithre rannóg scrúdaithe, 'bé Roinn 2 (freagraí gairide, scríofa) ba dheacra dos na h-iarrthóirí. As na trí cinn de scrúdaithe d'éirigh le 83.6% des na h-iarrthóirí i roinn a dó agus ag an am gcéanna bhí rátaí chomh h-ard le 95% ins na trí ranna eile.

ROINN A H-AON - CEISTEANNA IL-ROGHNACHA (CIR)

Ní foláir do iarrthóirí freagraí a thabhairt ar 120 CIR laistigh de 1.5 uair a chloig. Déantar an measúnú sa ar ríomhaire. 'Bé an meán marc do CIR ná 87% (84.3 in 2004) le raon ó 62% 50 go dtí 98% (66% go dtí 95% in 2004).

ROINN A 2 - FREAGRAÍ GAIRIDE SCRÍOFA (FGS)

Iarrtar ar iarrthóirí sé cheist ina iomlán a fhreagairt, le trí cinn éigeantach (Cuid A) agus rogha de thrí as sé (Cuid B). 'Bé an meán marc do FGS ná 74% (71.6% in 2004) le raon ó 40% go dtí 90% (47% go dtí 91% in 2004).

RANNA A TRÍ AGUS A CEATHAIR - STÁISIÚIN SCILEANNA

Ritear na stáisiúin scileanna i bhformáid Structúr an Scrúdú Chuspóir Cliniciúil. Ainmníodh sé cinn de stáisiúin scileanna mar chinn phríomha de bharr nádúr criticiúil na scileanna. As 154 triail ag scileanna príomha d'éirigh le 148 (96.1%). Theip ar fiche naoi n-iarrthóir i scil príomha amháin ach d'éirigh leo go léir ins an ath-thriail. Theip ar sé iarrthóir i ndhá scil nó níos mó agus níor tugadh an caoi dóibh an scrúdú a ath-dhéanamh. Ní dheineann na h-iarrthóirí chomh maith san leis na scileanna príomha éigeantach is a dhéanann siad leis na scileanna tánaisteacha a toghtar ar bhonn tarraingthe. Tá ocht gcinn de stáisiúin scileanna tánaisteacha ag gach seisiúin scrúdaithe. As 155 triail ag scileanna tánaisteacha d'éirigh le 154 díobh (99.4%). Theip ar tríocha trí iarrthóir i dtí nó níos lú des na scileanna tánaisteacha ach d'éirigh leo ag an dara turas. Theip ar iarrthóir amháin i gceithre cinn des na scileanna agus níor tugadh tairiscint dó an scrúdú a ath-shuíomh

Is é caighdeán um chaighdeán scrúdaithe is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

SCRÚDÚ BCCSN - EMT (ARD-PHARAI-MHÍOCHANEIÖIR)

Tá próiseas an mheasúnaithe do Ard-Pharai-Mhíochaineoir mar phróiseas comhoibritheach idir SNTÖ/COB agus CCERO. Ritheann CCERO dhá mheasúnú fhoirimtheacha ag leanúint bloc Chian-Oideachais agus Chleachtais Cliniciúil ina mbíonn 100 CIR le freagairt ar ríomhaire agus scrúdú scríofa le sé cinn de fhreagraí gairide.

Tugtar marc suimithe bunaithe ar 60% do CIR agus 40% do fhreagraí scríofa, gairide. Tugtar Pas Cúitimh do iarrthóirí go bhfuil a marc suimithe laistigh de 5% don bpas-mharc. Chuir CCERO dhá scrúdú Chian -Fhoghlama agus trí cinn de scrúdaithe Chleachtais Cliniciúil ar siúl le linn 2005. Bhí 16 iarrthóir ag an Scrúdú Chian Foghlama agus 30 iarrthóir a bhí don gCleachtas Cliniciúil thar dhá sheisiún.

Torthaí:

Cian-Fhoghlaim	Buacach	Pas Cúitimh	Teip
Céad iarracht	12 (75%)	1 (6%)	3 (19%)
Dara iarracht	3 (100%)		

Cian-Fhoghlaim	Meán	Meánach	Modh	Méid ón gCaighdeán	Íos	Uas
CIR	74%	75%	60%	0.08413	60%	88%
IB	76%	73%	70%	0.13303	41%	94%

Cleachtas Cliniciúil	Buacach	Pas Cúitimh	Teip
Céad iarracht	25 (83%)	3 (10%)	2 (7%)
Dara iarracht		2 (100%)	

Cleachtas Cliniciúil	Meán	Meánach	Modh	Méid ón gCaighdeán	Íos	Uas
CIR	78%	80%	75%	0.0988	57%	94%
IB	79%	77%	73%	0.09535	63%	95%

Measúnú ar Cháilíochtaí faighte laistigh agus lasmuigh den Stát

Leathnaíodh an próiseas do mheasúnú ar ionannas na gcáilíochtaí i gcúram éigeandála réamh-ospidéal, faighte lasmuigh d'Éirinn chun cabhrú le h-iarratais uathu san ó laistigh den stát mar thoradh ar Ordú Leasaithe (I.R. 575 de 2004). Fuarthas sé cinn déag de iarratais nua i rith na bliana agus díobh san traenáladh cúigear déag des na h-iarrthóirí lasmuigh den stát. Fuarthas iarratas amháin ó iarrthóir nárbh Béarla a theanga dhúchais. Tá an t-iarrthóir tar éis an scrúdú Idirnáisiúnta sa Chóras Trialach sa Bhéarla a thógaint agus d'éirigh leis ann.

Le linn 2005 d'éirigh le seisear iarrthóirí agus theip ar dhuine amháin. Tá fiche dó iarratas fágtha ar oscailt ag dul isteach i 2006; admhaítear, áfach, go bhfuil roinnt acu san neamh-ghníomhach, de bhrí nach raibh teagmháil le h-aoinne acu le tréimhse fada. I measc na dtíortha gur deineadh próiseáil ar iarratais uathu i 2005 tá An Astráil, An Afraic Theas, an tSlóvaic, Canada, An Pholainn, An R.A agus S.A.M.

PROIFISIÚNÚ CHLEACHTÓIRÍ CÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉIL

Thosnaigh An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an clár chun proifisiúnaí trí chleachtas náisiúnta comhairliúcháin. Idir Bhealtaine agus Lúnasa 2005 chuaigh CCERO ar cuaird chuig 35 ionad/stáisiún otharcharr chun an clár ceirde a chur chun cinn. Chríochnaigh an chomhairle le cur i láthair do SIPTU i Meán Fómhair. Mar thoradh ar an aiseolas déanadh athruithe ar bhallraíocht na gcoistí agus cuireadh tús le Cód Nua Iompair agus Eitic Proifisiúnta. Chuir CCERO béim le linn gach cuid den gcomhairle go bhfuil áit ann do gach cleachtóir éigeandála réamh-ospidéal in Éirinn atá ar Chlár an CCERO.

CUR AR BUN CLÁR AN CCERO

Ar an 5ú lá de Mheán Fómhair cuireadh tús le Clár Ard Roinn Parai-Mhíochaineoir de chuid CCERO. Táthar ag súil go mbeidh Ranna na bParai-Mhíochaineoir agus CLÉ faoi lán tseoil go luath i 2006.

Dul ar an gClár

Tá na moltaí sa dréacht i dtaobh dul ar an gClár i gcúig chéim:

- Próiseas eagraithe/sonraí
- Cáilíocht Acadúil
- Táille Cláraithe
- Ráiteas
- Geall proifisiúnta foirmiúil/gnóthas

Próiseas Eagraithe / Sonraí: Ní foláir do gach iarrthóir na doiciméadaí eagraithe a líonadh isteach ina iomlán sula ndéanfaí a gcuid iarratas a phróiseáil.

Cáilíocht Acadúil: Sara bhféadfadh iarrthóirí cur isteach ar chlárú ní foláir dóibh cáilíocht acadúil a bheith acu chun iarratas a dhéanamh. Ní foláir Cáilíocht BCCSN a bheith ag iarrthóirí.

Táille Cláraithe: Ní foláir do gach iarrthóir an táille cuí €10 sa bhliain mar atá molta ag an gComhairle sula ndéanfaí próiseáil ar an iarratas.

Ní foláir do gach iarrthóir dearbhú foirmiúil a dhéanamh:

- Go bhfuilid ag cleachtadh faoi láthair, nó go rabhadar ag cleachtadh le déanaí/gur oibríodar mar chleachtóir san SÉL (laistigh des na trí bliana a ghabh tharainn)
- Nach bhfuilid cúisithe mar choirpigh
- Nach bhfuil aon mháchail sláinte nó andúil a chuirfeadh isteach ar a gcumas chun cleachtais.

Geallúint/ceangail foirmiúil, phroifisiúnta:

Ní foláir do gach iarrthóir a shíniú/dearbhu do Chód Iompair agus eitic mar atá molta ag an gceard. Beidh béim faoi leith agus imlíniú faoi leith ar ghnéithe áirithe go gcaithfear a dhéanamh ag an ngeall/ceangail seo i leith:

- Tuairiscí ar Chúram Iomlán na n-Othar
- Cleachtas de réir mar a stádas amháin ar Chlár CCERO
- Riachtanais leanúnacha forbartha na ceirde a shásamh
- Glacadh le rialacha agus gnáis an Chleachtais Oibre
- Traenáilithe a chomhairliú

Cód an Chleachtais Iompair agus Eitic

'Sé Cód Chleachtais Iompair agus Eitic (féach Agusín 1) a threoróidh na cleachtóirí ina dtimpeallacht chúraim éigeandála réamh-ospidéal. Tá an cód seo bunaithe ar chúig cinn de phrionsabail bhunúsacha a dheineann achoimre ar an tsaíocht atá laistiar de sholáthar chúraim éigeandála réamh-ospidéal ag cleachtóirí ar chlár CCERO.

'Siad na cúig phrionsabal ná:

- Dualgas cúraim do othair agus don bpobal
- Toil
- Freagracht Phroifisiúnta
- Comhoibriú/Obair Fhoirne
- Rúndacht

Beidh cleachtóirí réamh-ospidéal is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus ollúint i réimse an chúraim éigeandála réamh-ospidéal

Ar theacht ar Chlár CCERO beidh ar iarthóirí geall a thabhairt agus glacadh le Cód Chleachtais agus Eitic. Beidh an cód seo mar chuid na ceirde agus is leo é. 'Sé a cheaptar a tharlóidh ná nuair a bheidh an Clár i bhfeidhm ar feadh tréimhse ama agus go bhfuil an cheard bunaithe go ndéanfar athbhreithniú agus luacháil air agus, más gá, é a athrú.

Oiriúnach do Chleachtas

Cuireann Ordú Leasaithe CCERO (I.R. 575 de 2004) d'iacha ar CCERO "Coiste Chleachtais Oiriúnachta a bhunú (sic) chun líomhaintí i dtaobh mhí-iompair agus mí-oiriúnachta do obair sa chúram éigeandála réamh-ospidéal.

Is cuid an-riachtanach d'aon Chlár proifisiúnta Oiriúnachta chun Chleachtais chun an pobal agus cleachtóirí a chosaint agus deagh-cháil na ceirde a shlánú. An difríocht idir Chlár CCERO agus Clár phroifisiúnaigh eile ná nach mbeidh an cumhacht ag CCERO proifisiúnaigh a scriosadh nó a dhí-chlárú. Tá na prionsabail sa chóras oiriúnachta chun chleachtais mar a leanas:

- Tá sé den chruinn riachtanais go mbeadh córas chun déileáil le gearáin atá cothrom, comhsheasmhach agus soiléir
- Ní foláir do gach gnáthamh cloí le prionsabail na cothromaíochta agus na córa
- Tá rúndacht fíor riachtanach
- Gné an-riachtanach is ea an chaoithiúlacht

Mar a chuirtear oiriúnachta chun cleachtais i bhfeidhm

Tá obair Choiste Oiriúnachta chun Chleachtais (COC) á thacú ag dhá Fho-Choiste agus siad san:

- Fo-Choiste Réamh-Ghniomhaíochta (FCRG)
- Fo-Choiste Sláinte (FCS)

Meastar go mbainfeadh an COC le gnéithe eiticúla agus go mbainfeadh an FCS gnéithe an tsaoil, ag tógaint san áireamh cás cleachtóirí go mbeadh a gcuid chleachtais i dtrioblóid de bharr droch-shláinte nó andúil agus dhéanfadh an FCRC réamh-scrúdú nó scagadh ar líomhaintí.

LÁMHLEABHAR CLINICIÚIL – TREOIRLÍNTE CHLEACHTAS CLINICIÚIL (TCC)

Sa bhliain 2005 dáileadh 2000 Lámhleabhar Cliniciúil do fhreagróirí réamh-ospidéal agus cleachtóirí ó Sheirbhísí na n-Othar Carr reachtúil chomh maith le Seirbhísí Slánaithe idir Dheonach agus Chabhrach. Tá suim thar na bearta á taispeáint go náisiúnta agus tá cóipeanna curtha chuig Gnáth Dhochtúirí, chuig Oifigigh Thraenála Athbheochana agus chuig Lucht Cúram Sláinte i Ranna Éigeandála agus chuig áiteanna eile nach iad.

Tá an Chomhairle tar éis seirbhís othar-charr phriobháideach a mholadh chun na Treoirlínte ar Chleachtais Chliniciúla a chur i bhfeidhm ar leibhéal Chláir CCERO dá bhfostaithe. Tá Ordú Leasaithe (IR 575de 2004) tar éis caoi a thabhairt do eagraithe seachas FBS agus DFB cead a lorg chun na TCC a chur i bhfeidhm.

Lámh-leabhar na bhFuirmlé Míochaine

Formhuiníodh Lámhleabhar na bhFuirmlé (Eagrán 1) ag an gComhairle i Meán Fómhair 2005. Tugann an leabhar liosta de chúig cinn ar fhichead de liachta gur féidir a bheith dailte ag cleachtóirí cúram éigeandála réamh-ospidéal de réir leibhéal na traenála agus an roinn ar an gClár.

TCC-Aa

Moladh Treoirlínte ar Chleachtas Cliniciúil – A (TCC – A) (Eagrán 1) ag an gComhairle i Meán Fómhair chun a bheith in úsáid ag an Ard-Pharai-Mhíochaineoir le linn a intéirneachta. Tá na TCC – A tar éis scóip an Chleachtais a mhéadú chun in-fheadánú endótráicé, canalú agus dáileadh liachta mar mhórfín le haghaidh faoisimh, aidréanailín le h-aghaidh stopadh an chroí agus Lorazepam le h-aghaidh taomanna a cheadú. Cabhróidh na TCC- A le cleachtóirí a bheith níos éifeachtúla i mbainistíocht anbhá agus leighis éigeandála i gcúram éigeandála réamh-ospidéal.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tacar Sonra

I mí Bealtaine d'fhormhuinigh an Chomhairle an tacar sonra agus na sainmhínte atá mar an cnámh-droma do Thuairisc Chúram Othar (TCO) agus do Thuairisc Chúram Othar leictreonach (eTCO). Tá na h-ábhair shonracha tofa chun riachtanais othar a shásamh ins na Ranna Éigeandála, san iniúchadh cliniciúil agus taighde, chomh maith le gátair reatha leanúnacha.

Tuairisc Chúram Othar

D'fhormhuinigh an Chomhairle cur i bhfeidhm an TCO i gcúig roinn de FSS; FSS an Deiscirt, FSS an Mheán-Iarthair, FSS an Iarthair, FSS an Iar-Thuaiscirt, FSS Lár Tíre agus Lucht Múchta Tine Bleá Cliath LMT BAC i Mí Feabhra. Bhí Traenáil agus cur i bhfeidhm TCO Eagrán i náisiúnta ar siúl go leanúnach agus bhí trí cinn de ranna FSS agus 40% de sheirbhís LMT BAC ag úsáid an TCO ag deireadh na bliana.

Tuairisc Chúram Othar Leictreonach (e.TCO)

Chun bheith ar aon dul le córais eolais ospidéal san todhchaí tacaíodh le ailiníú crua-chóip TCO le e.TCO i 2005 trí an CCERO ag glacadh le tairiscint ar mhodúl a dhéanamh de e.TCO a oibríonn. Soláthróidh an e.TCO eolas luachmhar tráthúil ar chúram othar a bheidh an-tairbheach don othar sa deireadh. Tá scéim píolóta e.TCO díreach críochnaithe ag an CCERO le Ranna taibléadacha stóinsithe i ndhá roinn FSS chun oiriúnacht na gerua-earraí a thástáil agus eisiúlacht sonraí a ionchur agus bhí clóirí ins na Ranna Éigeandála. Sé an chéad chéim eile i bhforbairt an tionscnaimh e.TCO na chun an triail píolóta oll-chumarsáide a chur i bhfeidhm sa Roinn Lár Tíre den FSS in 2006. Ina theannta san tá forbairt ar bun ar scáileáin tríacha le h-eolas ar othair réamh ospidéal do Ranna Éigeandála le módúil in-nasctha le lár-ionaid cumarsáide othar-charr agus tá pleananna eile ann leis.

Staidéar Anailíse Spásúil

Lean an CCERO ag leathnú agus ag forbairt thaighde anailíse spásúil le linn na bliana. Bhí an béim príomha dírithe ar FSS Réigiún an Iar-Thuaiscirt. Dhírigh an staidéar seo ar shonraí fireannacha seirbhíse othar carr le h-aghaidh Seirbhísí Iompair Éigeandála agus Othair a

nascadh le sampla anailíse módúil CCERO a forbraíodh cheana. Ba chóir go mbeadh torthaí bunaithe ar shonraí réadacha seachas tomhais. Tá an tionscnamh taighde seo le bheith críochnaithe sa chéad ceathrú de 2006

AG GLACADH PÁIRT INS AN EARNÁIL SLÁINTE NÍOS LEITHNE

Tionscnamh Traenála agus Chomhtháite Fhreagróirí do Éigeandáil Liachta (TCFEL)

Bunaíodh an tionscnamh um Thraenála agus Chomhtháite Fhreagróirí do Éigeandáil Liachta i COBC i Mí na Nollag 2004. Fuarthas cistíocht dó ó CCERO agus ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá cúnamh deontais Chaipitil tar éis Dífhibrileora Eachtracha Uath-oibreacha, trealamh bunúsach saoil agus traenáil a cheannach. Tá aidhmeanna an tionscnaimh pleanáilte timpeall traenáil agus trealmhú GD agus Comhair-Chumainn GD chun go nglacfaidís páirt, mar is cuí, i gcúram éigeandála réamh-ospidéal agus an teagmháil idir GD agus codanna eile den Córas Liachta Éigeandála go h-áirithe le Seirbhís Othar-Charr.

I measc aidhmeanna an tionscnaimh tá:

1. Struchtúir a bhunú chun gnáth-dhochtúirí a thraenáil, a threalmhú, a iniúchadh agus a chomh-nascadh chun gnéithe aontaithe de chúram éigeandála réamh-ospidéal a eiseachada.
2. Staidéar ar bhunú déanamhas a chabhróidh le ceangal idir na gnáth-dhochtúirí, Seirbhísí Othar-Charr agus Comhar-Chumainn GD ins na Réigiúin seo.
3. Cabhrú le soláthar 150 dífhibrileoirí eile le h-aghaidh a n-úsáide ag gnáth dochtúirí laistigh dá gcuid ghnáth chleachtas
4. Scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt cheangal feidhmiúil idir CCERO, ceird na sláinte agus eiseachada cúram éigeandála réamh-ospidéal.
5. Scrúdú a dhéanamh ar fhéidireacht clár CCERO BCCSN (cúram sláinte proifisiúnta) a bhunú.
6. Módúil a fhorbairt ar dhéanamhas chomhtháite cúram éigeandála réamh-ospidéal a rolladh amach atá bunaithe ar chleachtais ins na trí réigiúin píolóta.

Is tionscnamh nua-éireannach réachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúil i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

7. Córais a bhunú ins na trí ceantair agus é mar aidhm acu cúram speisialta faoi leith de ard grád a sholáthar ag grúpaí beaga dochtúirí traenáilte, agus le an-tacaíocht acu agus iad ag obair lámh ar lámh le Seirbhísí na n-Othar-Charr.

Tá an Chomhairle thar a bheith sásta leis an dul chun cinn i 2005, ag tógaint san áireamh ceapachán triúr oifigeach tograí dos na ceantair FSS piolóta; Cósta Thoir, Thiar Thuaidh agus an Lár Thiar agus críoch an tsuirbhé ar dhearcadh GD/CLÉ a mhúnlóidh polasaí an FSS amach anseo.

Cumann na hÉireann den nGar-Chúram


I mí Iúil thug an Chomhairle tacaíocht i bprionsabal do mholadh ón ISIC chun Treoirlínte Cleachtais Cliniciúla (TCC). Tá an-shuim ag ISIC TCC a fhorbairt chun cabhrú le CLÉ ar an gcéad dul síos. Táthar ag súil leis na TCC i 2006 agus formhuineoidh an Grúpa Comhairle Liachta de CCERO iad sula bpléifidh an Chomhairle iad.

ILEOG NUACHTA AGUS SUÍOMH IDIRLÍN CCERO

I mí na Samhna bronnadh an post ar Geata Seirbhísí CCERO seirbhís ar-líne an-tábhachtach do CCERO agus dá scairshealbhóirí. Ar an gcéad dul síos méadóidh an geata seo luach agus éifeacht Chórais Thuairisc Leictreonach Cúram Othar (e.TCO) laistigh den gCóras Othar-Charr agus ina dhiaidh sin scaoilfidh sé le h-éifeachtaí a bhí faoi laincis, beidh seirbhísí breise ann ag CCERO mar eagrú an Chláir, traenáil, scrúdaithe agus Forbairt Leanúnach Phroifisiúnta (FLP). Beidh an togra seo ar siúl, ar an mór-gcóir, i 2006.

Foilsíodh nuachtlitir CCERO "Voice" trí uair agus dáileadh é i measc liosta a bhí ag méadú de 3000 go náisiúnta. Bhí cumarsáid le scar-shealbhóir í gcúram éigeandála réamh-ospidéal ar bharr an liosta i 2005.

FOIREANN CCERO



Stiúrthóir:	Dr Geoff King
Leas-Stiúrthóir agus Cláraitheoir:	Barry O'Sullivan
Oifigigh Fhorbartha Chláir:	Pauline Dempsey Brian Power Jacqueline Egan
Cúntóir an Stiúrthóra/Rúnaí na Comhairle:	Marian Spence
Foireann Tacaíochta:	Sylvia O'Mahony Jill Mason John Lally Sharon Gallagher Liz Dempsey Claire Finn

Pre-Hospital Emergency Care Council

Teach Mainistir Dún
Sráid Mainistir
Nás Na Rí
Co. Cill Dara

Telephone: +353 (45) 882042
Fax: +353 (45) 882089
E-Mail: info@phecc.ie
URL: www.phecc.ie

Áisínearach tu nreannspheicech reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúil i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

RÁITIS AIRGEADAIS

BHLIAIN D'ÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

Ráitis Airgeadais

Áisneacht in réamhospiceach reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint. I réimse an chuiraim éigeandála réamhospiceal

TUAIRISC ÓN ARD REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE ARNA CUR I LÁTHAIR DO THITHE AN OIREACHTAIS

Comhairle Chúram Éigeandála Reamhospidéil

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais de chuid Chomhairle Chúram Éigeandála réamh ospidéil don bhliain d'ar críoch 31ú Nollaig 2005 de réir Roinn S de Acht (leasaithe) an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste 1993. 'Sé atá ins na ráitis airgeadais, ata ullmhaithe faoi pholasaithe cuntasóireachta leagtha amach ann, ná na Polasaithe Cuntasóireachta, Cuntais Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Caipitil agus Caiteachais, an Clár Comhordaithe agus na nótaí gaolmhara.

CÚRAIMÍ NA COMHAIRLE AGUS AN ARD REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE, FAOI SEACH

Ta Comhairle Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir Ordú 2000 (Bunaithe) na Comhairle do Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil. Ullmhaíonn an Chomhairle na ráitis airgeadais de réir an Ghnáth-Chleachtais Cuntasóireachta na h-Éireann mar atá athruithe ag ordaithe an Aire Sláinte agus Leanaí mar a bhaineann sé le cuntasóireacht ó thaobh chostais pinsin de. Tá dualgais cuntasóireachta Bhall na Comhairle leagtha amach ar Ráiteas na Comhairle.

Dualgais na mBall

'Sé mo dhualgas-sa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialacháin agus Caighdeáin Idirnáisiúnta na h-Iniúchta (R.A. agus Éire).

Tugaim tuairisc faoi mo thuairim i dtaobh an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor, cothrom, de réir na ngnáth-Chleachtais go nGlactar Leo in Éirinn. Tuairiscim, chomh maith, an bhfuil, im' thuairim-se, leabhair chearta cuntais coimeáda. Ina theannta san deirim an bhfuil na ráitis airgeadais ag réiteach le leabhair na gCuntas.

Tuairiscim faoi aon chás nach bhfuil airgead caite mar atá leagtha amach dó nó i gcás ná réitíonn bearta leis na h-údaráis a rialaíonn iad. Tuairiscim, chomh maith, mura bhfaighim an t-eolas agus na míniúcháin atá riachtanach do aidhmeanna mo iniúchta. Deirim athbhreithniú féachaint an réitíonn an Ráiteas ar Smacht Inmheánach Airgeadais le Cód Cleachtais Smachta na gComhlacht Stáit, agus sa gcás nach réitíonn sé, agus má tá an Ráiteas éidreorach, nó, gan a bheith ag réiteach le h-eolas atá agam ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais, tuairiscim faoina leithéid. Níl de dhualgas orm smaoineamh an gclúdaíonn an Ráiteas ar Smacht Inmheánach Airgeadais rioscaí airgeadais agus smachta, nó, tuairim a bheith agam faoi éifeacht ghnáthamh riosca agus smachta, ach oiread.

Bunús Tuairim Iniúchta

Agus mé ag comhlíonadh m'fheidhme mar Ard Reachtair Cuntas agus Ciste dheineas mo chuid Iniúchta ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (R.A. agus Éire) eisithe ag an mBord Cleachtais Iniúchta agus trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit i leith a gcuid bhainistíochta agus a riartha. San Iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise bainteach le méideanna agus ar fháisnéisiú agus ar rialtacht na n-idir-bheartaithe airgeadais iata ins na ráitis airgeadais. Bíonn measúnú, chomh maith, ar na meastacháin tábhachtacha: agus breithiúnais déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais agus an bhfuil na cleachtais iniúchta oiriúnach do choinniollacha na Comhairle, curtha i bhfeidhm go rialta, agus inste ina iomlán.

Dheineas pleanáil agus chuireas an Iniúchadh i gcríoch i dtreo is go bhfaighinn an t-eolas agus na míniúcháin a cheapas a bheadh riachtanach chun go leor fianaise a bhailiú chun geallúint

réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon ráiteas bréagach de thoradh calaoise nó aon ghné mírialta nó botún eile. Nuair a bhíos ag teacht ar mo thuairim dheineas measúnú ar thairbhe iomlán toirbhirt an eolais ins na ráitis airgeadais.

Tuairim

Mar atá minithe i bpolasaí Cuntasóireachta Uimhir a 5 aithníonn an Chomhairle costais phinsin tuillte nuair a bhíonn siad á ndíol amháin. Ní réitíonn se seo le Caighdeán Tuairisc Airgeadais 17 a deireann gur chóir costais a aithint ins an bhliain ina dtuilltear iad. Cé nach dtéann teip cloí le Caighdeán Tuairisc Airgeadais 17 i bhfeidhm ar ghníomhú airgeadais go ginearálta nó seasamh na Comhairle mar atá taispeáinte ins an ráiteas airgeadais, im' thuairim-se, caithfear cloí leis chun go dtuigfí i gceart costais soláthar fónamh pinsin tuillte ag fostaithe le linn na bliana agus luach na bhfónamh atá geallta ag an Chomhairle a sholáthar go dtí deireadh na bliana.

Lasmuigh den bpointe nár aithníodh costais pinsean agus dlíteanais na Comhairle de réir Thuairisc Airgeadais Chaighdeán 17 tugann na ráitis airgeadais dearcadh cothrom, fíor de réir Phrionsabail Chuntasóireachta in Éirinn, go nglactar leo go coitianta, ar stádas cúrsaí na Comhairle ag an 31ú Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus caiteachas don mbliain d'ár gcíoch an t-am sin.

Im' thuairim-se, tá leabhair chuntasóireachta chearta á gcoimeád ag an gComhairle. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach le leabhar na gCuntas.



John Purcell

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2006

Áisneacadh in ceamhspéiceach reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, ordceachas agus olltuáil. I réimse an chuiraim éigeandála réamhospidéal

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

RÁITEAS AR CHÚRAIMÍ BHALL NA COMHAIRLE

De réir Ordú 2000 ag Comhairle Cúram Éigeandála Réamh Ospidéil (Bunaithe), tá de dhualgas ag an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a léiríonn cúrsaí na Comhairle go cruinn, cothrom i dtaobh a ioncaim agus a chaiteachais don mbliain sin.


Nuair ata an Chomhairle ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin tá de dhualgas air:

- polasaithe oiriúnacha cuntasóireachta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- cloí leis na Caighdeáin Cuntasóireachta cuí ach i gcás go gcaithfear imeacht uathu nuair ata san riachtanach agus go bhfuil a leithéid san ráite agus minithe ins na Ráitis Airgeadais;
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnó bhuaire mura bhfuil sé mí-cheart talamh slán a dhéanamh den dtuairim go leanfaidh Comhairle Cúram Éigeandála ar aghaidh ag obair.

Is dualgas ar an gComhairle é taifid chearta cuntasóireachta a choimeád a insíonn ag aon am go réasúnta cruinn stádas airgeadais na Comhairle Cúram Éigeandála Réamh Ospidéil agus a thugann an caoi dó a dheimhniú go gcloinn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Tá sé freagrach, chomh maith, as slánú sócmhainní na Comhairle Cúram Éigeandála Réamh-ospidéil agus mar thoradh air sin cúram réasúnta a thógaint calaois agus nithe mí-rialta eile a sheachaint agus a aimsiú.

Ar son na Comhairle


Cathaoirleach


Ball na Comhairle

26 Bealtaine 2006

RÁITEAS AR CHÓRAS AN SMACHTA INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 2005

FREAGRAS DON GCÓRAS AR SMACHT INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son Chomhairle Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCERO) glacaimid lenár bhfreagracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach smachta airgeadais inmheánaigh á choimeád agus i bhfeidhm.

Tá CCERO, tríd an Stiúrthóir, freagrach as súil a choimeád ar an gcóras inmheánach smachta agus a mhuinín ann a chur in iúl do gComhairle.

Tá córas smachta inmheánaigh deartha chun riosca a laghdú seachas é a chur ar neamhní. Ní féidir le córas dá leithéid ach cinnteacht réasúnta, agus ní cinnteacht leithliseach a thabhairt go bhfuil cosaint ar na sócmhainní, na h-idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirfí bac le botúin ábhartha no, go dtabharfaí iad faoi ndeara in am tráthúil.

PRÍOMH GHNÁTHAIMH SMACHTA

Seo leanas cur síos ar na príomh ghnáthaimh, atá curtha in áit ag CCERO chun smacht éifeachtach airgeadais a sholáthar.

- I. Tá struchtúr eagraithe sean-bhunaithe ag an CCERO le línte sainmhínte, soiléire cuntais, freagrachta agus tuairisceoireachta;
- II. Tá an córas i leith smacht inmheánach airgeadais in CCERO á léiriú i léarscáileanna próiseas de chuid Chórais Bhainistíochta Ard-Cháil (CBAL);
- III. Tá gnáthaimh bunaithe ag CCERO timpeall ar scarúint na ndualgas agus údarú caiteachais;
- IV. Tá Córais Airgeadais TAS agus SAGE in úsáid ag CCERO chun cabhrú le cleachtas cuntasóireachta airgeadais agus chun teacht go h-éasca ar rianta iniúchta ar gach idirbheart;
- V. Tomhaistear caiteachas míosúil agus gníomhaíochta i gcoinne an phlean ghnó. Cuirtear Tuairiscí os comhair an Stiúrthóra lena meas agus chun déileáil mar is cóir leo;
- VI. Ullmhaítear tuairisc stádas airgeadais míosúil don Roinn Sláinte agus Leanáí agus curtha os a chomhair.

VII. Bunaíodh Coiste Iniúchta a chuaigh i mbun oibre in 2005 agus a thuiriscionn don gComhairle..

VIII. Is trí obair an Iniúchóra inmheánaigh agus Bainisteoirí Feidhmeannach ár gComhairle, go bhfuil de dhualgas orthu forbairt agus cothabháil ar fhráma-oibre smachta airgeadais, agus trí mholtaí an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste, le linn na h-iniúchta dó, nó ina litreacha bainistíochta – siad san uile a dheineann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht an chórais inmheánaigh smachta.


IX. Coimeádtar Baill na Comhairle ar a n-eolas faoi chúrsaí smachta airgeadais agus riaracháin go ginearálta trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl go rialta.

Deineadh athbhreithniú foirmiúil den gcóras smachta inmheánach ag Comhlacht seachtrach Cuntasóireachta le linn 2005, athbhreithníodh agus moladh an cleachtas seo ag an gCoiste Iniúchta agus tá pleananna ann tuilleadh monatóireachta a dhéanamh ar an sort athbhreithnithe seo le linn 2006.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú foirmiúil déanta ag an gComhairle ar éifeacht smachta an chórais inmheánaigh do 2005.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

26 Bealtaine 2006

Ábharcaidh na neamhspeiceach reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúil i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASÓIREACHTA

(1) COMHDHÁIL CUNTASÓIREACHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe faoi ghnás costais stairiúil de réir na ngnáth-phrionsabal in-ghlactha ach amháin i gcásanna mar a luaitear thíos.

(2) IONCAM AGUS CAITEACHAS

Déileáiltear le cionroinnt, nach airgead é, ón Roinn Sláinte agus Leanaí, tríd an gCuntas Ioncam Caipitil. Aistrítear aon chuid den gcionroinnt seo, úsáidte do aidhmeanna caipitil, go dtagann sócmhainní seasta as, go dtí Cuntas an Chiste Chaipitil.

Nuair a úsáidtear cuid den gcionroinnt, nach caipiteal é, mar chiste le h-aghaidh tograí, a bhfaigheann cionroinnt caipitil, aistrítear an chuid nach caipiteal é go dtí an Cuntas Ioncam Caipitil agus Caiteachais.

Déileáiltear le cionroinnt caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí ins an gCuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais. Tá an t-iarmhéid ins an gcuntas seo ag seasamh do bhreis/caillteanas ar chistíocht tograí go bhfuil cistíocht chaipitil á sholáthar dóibh ag An Roinn Sláinte agus Leanaí.

(3) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Áirítear bliain iomlán dímhéasa do bhliain an cheannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Seasta faighte, is cuma cad é foinse na cistíochta, ag a chostas lúide dímhéas. Ní chuirtear dímhéas, atá ionannaithe ag amúchadh an Chuntais Chistíochta Caipitil, i gcoinne an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais.

Seo a leanas na táillí bliantúla a cheadaítear do dhímheas:

Trealamh DC:	33.3% líne dhíreach
Trealamh Eile:	20.0% líne dhíreach

(4) CUNTAS CISTÍOCHTA CAIPITIL

Seasann an Cuntas Cistíochta Caipitil do luach neamh-amúchtadh na cistíochta sócmhainní seasta.

(5) CÚRSAÍ PINSEAN

Ar ordú an Aire Sláinte agus Leanaí níl aon soláthar déanta i leith sochar díolta Scéimeanna Pinsean an Rialtais Áitiúil os rud é go bhfuil an dochar frithgheallta ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Cuirtear ranníocaíochta, ó fhostaithe atá mar bhall den scéim, chun sochair an Chuntais ioncaim agus Caiteachais nuair a bhfaightear iad. Nuair a íoctar íocaíochtaí pinsin faoi an scéim cuirtear an costas i leith an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a díoltar iad.

COMHAIRLE CHÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉIL CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

An Bhliain dár Críoch 31 Nollaig 2005

<u>Ioncam</u>	<u>Notes</u>	<u>2004</u> €	<u>2003</u> €
Dáileadh an Roinn Sláinte agus Leanaí		2,236,000	2,000,000
Ioncam Eile	5	52,526	46,099
		<u>2,288,526</u>	<u>2,046,099</u>
Aistriú chuig an Cuntas Ciste Caipitil chun na Sócmhainní Sochar a Chistiú	18	(145,835)	(58,711)
Aistriú chuig an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil		(170,855)	
		<u>1,971,836</u>	<u>1,987,388</u>

Caiteachas

Costais na bhfostaithe	4	689,347	622,183
Costais i Leith na Foirne	6	54,685	51,626
Costais Cóiríochta agus Bunaithe	7	111,041	92,188
Earcú agus na Meán Cumarsáide	8	10,161	26,817
Comhairleacht agus Táillí Proifisiúnta Eile	9	34,636	36,118
Scrúdaithe agus Costais Eile a Bhaineann Leis	10	86,899	141,518
Priontáil agus Riaradh Ginearálta	11	167,541	169,572
Eolas, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	12	65,879	30,571
Costais na Comhairle/an Choiste	13	103,184	57,514
SEL R&D, Tionscnaimh Speisialta, Deontais	14	655,719	787,156
		<u>1,979,092</u>	<u>2,015,263</u>

Ráiteas ar an nGluaiseacht sa Bharrachas Carntha (Caillteanas)

Barrachas (Caillteanas) don bhliain	(7,256)	(27,875)
Barrachas ag an 1ú Eanáir 2005	20,115	47,990
Barrachas ag an 31ú Eanáir 2005	<u>12,859</u>	<u>20,115</u>

Cé is moite de dhímheas agus amúchadh na Sócmhainní Seasta, go ndéileáiltear leo trí an Cuntas Caipitil Cistíochta tá gach sochar agus dochar san áireamh chun teacht ar an bhreis caiteachais thar ioncaim.

Ar son na Comhairle


Cathaoirleach


Ball na Comhairle

26ú Bealtaine

Foirmíonn na polasaithe cuntasaiochta agus na nótaí cuid des na ráitis airgeadais seo.

Aisneachadh tuairimseach reachtúil is ea an Chomhairle ála freagrach as caighdeán, ordúchais agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

COMHAIRLE CHÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉIL CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS CAIPITIL

An Bhliain dár Críoch 2005

	<u>larmhéid ag an Tús</u>	<u>Ioncam</u>			<u>Ídithe</u>	<u>larmhéid ag an Deireadh</u>
	Barrachas/ Easnamh ag an Tús 1ú Eanáir 2005	DoHC Cistíocht Caipítíl	Cuntas I & C Neamh Chaipítíl	Iomlán Ioncam	Iomlán	Barrachas/ Easnamh Deiridh 31ú Nollaig 2005
Tionscnamh	€	€	€	€	€	€
Córas Tuairisce agus Eolais Cúram Náisiúnta na n-Othar	0	250,000	35,855	285,855	285,855	0
Cúram Comhtháite Láithreach	0	500,000	135,000	635,000	635,000	0
Foras Croí na h-Éireann	0	100,000	0	100,000	100,000	0
Iomlán	0	850,000	170,855	1,020,855	1,020,855	0

Anailís ar Chaiteachas Caipítíl don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2005

Caiteachas Caipítíl go raibh breiseanna sócmhainní sochar mar thoradh air

Tuairisc Cúraim agus Córas Eolais Othar Náisiúnta (Nóta 17)

€285,855

Caiteachas Caipítíl ná fuil breiseanna sócmhainní sochar mar thoradh air

Deontais chuig Gníomhaireachta Eile

Tionscnamh MERIT Comhtháthú Cúraim Láithreach (UCD)

€635,000

Foras Croí na h-Éireann

€100,000

€735,000

Caiteachas Caipítíl Iomlán

€1,020,855

Ar son na Comhairle


Cathaoirleach


Ball den gComhairle

26ú Bealtaine 2006

Foirmíonn na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí cuid des na ráitis airgeadais seo.

CLÁR COMHORDAITHE COMHAIRLE CÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉIL

Mar a bhí ag an 31ú Nollaig 2005

Áirítear na tairnéalacha seo le clár na Comhairle ára freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúnt i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

	<u>Notes</u>	<u>2005</u> €	<u>2004</u> €
Sócmhainní Sochar	17	327,927	91,454
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		278,363	128,696
Féichiúnaithe agus Réamh-íocaíochtaí	16	41,536	22,147
		319,899	150,843
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhráithe	15	307,040	130,728
Sócmhainní Reatha Glana		12,859	20,115
Sócmhainní lomlána lúide Dlíteanais Reatha		340,786	111,569
Maoinithe Ag			
Cuntas an Chiste Chaipitil	18	327,927	91,454
Barrachas (Easnamh) ar an Cuntas loncaim agus Caiteachais		12,859	20,115
Barrachas (Easnamh) ar an Cuntas Caipitil loncaim agus Caiteachais		0	0
		340,786	340,786

Ar son na Comhairle


Cathaoirleach


Ball na Comhairle

?? 2006

Foirmíonn na polasaithe cuntasóireachta agus na nótaí cuid des na ráitis airgeadais seo.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

An Bhliain dár Críoch 31ú Nollaig 2005

1. TRÉIMHSE AN CHUNTAIS

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1ú Eanáir 2005 go dtí an 31ú Nollaig 2005

2. RIARACHÁN

Do sholáthar an Roinn Sláinte agus Leanaí cistíocht díreach don Chomhairle Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil (CCERO).

3. ÍOCAÍOCHTAÍ DO EAGRAÍOCHTAÍ EILE

Ar son agus ar threorú ón Roinn Sláinte agus Leanaí dhein an Chomhairle Chúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil íocaíocht €113,000 do Fhoras Croí na h-Éireann óna ndáileadh neamh-chaipitil.

4. GNÉITHE NA BHFOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

Sé comhlánú iomlán na foirne mar a bhí sé ceadaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31ú Nollaig 2005 ná dáréag. Bé an comhlánú féin ná 11 seasta, 1 Foireann Chonartha agus 1 Foireann Sealadach. Bé na costais fostaithe comhiomlána ná:

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Tuarastal Foirne (Comhlán)	636,978	534,103
APS na bhFostóirí	48,783	41,471
Foireann Chonartha	0	39,418
Foireann Sealadach	3,586	7,191
	<u>689,347</u>	<u>622,183</u>

5. IONCAM EILE

	<u>2004</u>	<u>2003</u>
	€	€
Táillí Cláraithe	1,530	0
Ioncam Úis	117	162
Táillí Creidiúnaithe agus Scrúdaithe	17,820	18,160
Ranníocaíochtaí Pinsins	33,159	27,777
	<u>52,526</u>	<u>46,099</u>

6. COSTAIS I LEITH NA FOIRNE

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Taisteal & Cothú na Foirne	41,406	39,020
Traenáil Foirne & Forbartha	13,279	12,489
Foireann – Costais Eile	0	117
	<u>54,685</u>	<u>51,626</u>

7. COSTAIS LÓISTÍN & BUNAITHE

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Cíos & Táillí Oifige	80,531	72,949
Leictreachas (Solas & Teas)	6,244	4,942
Athnuachan Oifige	13,298	922
Cothabháil Ghinearálta	3,324	3,394
Glanadh	2,694	2,680
Lónadóireacht/Soláthar Cistine	4,950	7,301
	<u>111,041</u>	<u>92,188</u>

8. EARCÚ & COSTAIS MEÁIN CUMARSÁIDE

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Meán Cumarsáide & Earcú	10,161	26,817
	<u>10,161</u>	<u>26,817</u>

9. COMHAIRLIÚ AGUS TÁILLÍ PROFISIÚNTA EILE

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Táillí Dlíthiúla	4,538	4,506
Comhairliú TEC	1,815	
Register Maintenance		
Táillí Comhairlithe & Profisiúnta – Ilghnéitheach	14,353	19,040
Táillí Comhairlithe - Airgeadais	4,340	4,872
Iníúchadh Inmheánach	1,910	
Táillí Iníúchta	7,680	7,700
	<u>34,636</u>	<u>36,118</u>

10. SCRÚDAITHE & COSTAIS EILE A BHAINNEANN LEO

	<u>2005</u>	<u>2004</u>
	€	€
Ionaid Bhord na Scrúdaithe	500	500
Trealamh-Scrúdaithe/Anailís	45,693	110,391
Scrúdaitheoirí Eachtracha	40,706	30,627
	<u>86,899</u>	<u>141,518</u>

11. PRIONTÁIL AGUS RIARACHÁN GINEARÁLTA

	2005	2004
	€	€
Stáitseanóireacht	15,594	15,632
Teileafón & Fón Póca	24,134	22,682
Post & Iompróirí	12,786	3,760
Trealamh Oifige	6,888	5,008
Priontáil / Tuairiscí Bliantúla / Teastais	88,015	104,303
Árachas	3,706	3,880
Cóipeálaithe/Conraitheoirí Seirbhíse	6,689	1,437
Leabharlann agus Seirbhísí Eolais	5,389	6,672
Ús Bainc agus Táillí	586	612
Ilnithe & Mion Airgid	1,832	3,598
Ballraíocht na n-Eagraíochtaí	1,922	1,988
	167,541	169,572

12. EOLAS, CUMARSÁID & TEICNEOLAÍOCHT

	2005	2004
	€	€
Bogearraí agus Forimeallaigh	26,171	23,366
Ceadúnais TEC agus Tacaíocht	39,708	7,205
	65,879	30,571

13. COSTAIS NA COMHAIRLE/AN CHOISTE

	2005	2004
	€	€
Baill na Comhairle	32,745	18,977
Cúrsaí na Comhairle	44,542	5,612
An Coiste Creidiúnaithe	2,770	995
Coiste Cúraim Cliniciúil	1,387	1,178
Grúpa Leighis Comhairleach	2,509	3,900
Grúpaí Oibre/Comhairleacha Eile	19,231	14,852
Riaráiste Taistil agus Cothaithe	0	12,000
	103,184	57,514

14. EMS R&D, TIONSCNAIMH SPEISIALTA & DEONTAIS

	2005	2004
	€	€
Foras Croí na hÉireann (Nóta 3)	113,000	113,000
Tionscnamh Forbartha Cumais	9,943	25,000
Tionscnamh E PCR	10,000	0
Mapaí Anailíse Spásúil	0	4,840
Urraíocht Comhdhála	46,000	20,000
Taighde Anailíse Spásúil	26,920	44,316
Taighde Caighdeán	0	70,000
Cistíocht Forbartha		
Ard-Pharai-Mhíochaineoir	415,000	260,000
Comhtháthú Cúraim Láithreach	0	250,000
Treoracha Cleachtais Cliniciúil ISIC	10,000	0
PTS - Iontráil Sonra Anailíse Spásúil	17,801	0
Forbairt Bhogearraí (Scrúdú)	7,055	0
	655,719	787,156

15. CREIDIÚNAITHE

Méid Iníoctha laistigh de bhliain amháin

	2005	2004
	€	€
Táillí Iniúchta	7,680	7,700
Creidiúnaithe Trádála	204,678	77,213
Fabhraithe	94,682	45,815
	307,040	130,728

16. FÉICHIÚNAITHE & RÉAMH-ÍOCAÍOCHTAÍ

	2005	2004
	€	€
Réamh-Íocaíocht	38,556	17,909
Féichiúnaithe	2,980	4,238
Iomlán na bhFéichiúnaithe & na Réamh-Íocaíochtaí	41,536	22,147

Áisínearachd nuair a n-áirítear na rannsóidí a bhfuil siad an Chomhairle áta freagrach as caighdeán, oideachas agus olltúnt i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

17 SÓCMHAINNÍ SOCHAIR

don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2005

	<u>Trealamh TEC</u>	<u>Trealamh Eile</u>	<u>Iomlán</u>
Costas nó Luacháil			
Ag an 1ú Eanáir 2005	206,215	171,435	377,650
Breiseanna sa bhliain			
- Ó Chaipitil	285,855		285,855
- Ó Neamh-Chaipitil	119,476	26,360	145,836
Ag an 31ú Nollaig 2005	<u>611,545</u>	<u>197,795</u>	<u>809,340</u>

Dímheas Carntha

Ar an 1ú Eanáir 2005	162,883	123,313	286,196
Táillí don bhliain	155,657	39,560	195,217
Ag an 31ú Nollaig	<u>318,540</u>	<u>162,873</u>	<u>481,413</u>

Glan Luach Leabhair

Ag an 31ú Nollaig 2005	<u>293,005</u>	<u>34,922</u>	<u>327,927</u>
Ag an 31ú Nollaig 2004	<u>43,332</u>	<u>48,122</u>	<u>91,454</u>

18 CUNTAS CISTE CAIPITIL

don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2005

	<u>2005</u>		<u>2004</u>	
	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir		91,454		95,596
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	145,835		58,711	
Breis ó Chaipiteal	285,855	431,689	0	58,711
Lúide:				
Amúchadh ar chomhréir le dímheas (Nóta 17)		195,216		62,853
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig 2005		<u>327,927</u>		<u>91,454</u>

19. BAILL NA COMHAIRLE

- FAISNÉISIÚ NA MBEARTAÍOCHTAÍ

Cloíonn an Chomhairle le Cód Cleachtas le h-aghaidh Rialú na n-Eagraíochtaí Stáit mar a bhí sé eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le faisnéisiú Leasa ag baill na Comhairle. Le linn na bliana 2005 bhí airgead ag páirtithe orthu i leith seirbhísí próifisiúnta ar athbheithniú agus ar iniúchadh phróiseas scrúdaithe BCCSN agus ar fhorbairt phróiseas measúnaithe Scrúdaithe EMT-A de €25,745. Díoladh an tsuim seo le Ball na Comhairle, ar chomhairle an Stiúrthóra, agus ar mholadh an Chathaoirligh.

20 MOLADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Moladh na Ráitis Airgeadais ag an gComhairle ar an 9ú Márta 2006.

Áisneacairt in ceamhospéicech reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus olltuilte. I réimse an chuiraim éigeandála réamhospidéal

NOTÁÍ:

Áisneacht neamhsplách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caitheán, oideachas agus oiliúint I réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal